- polasaithe cuntasáíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastúcháin atá réasúnta, stuama a dhéanamh
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, mura bhfuil an bonn sin cuí
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin infheidhmithe chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú

Tá an Coimisiún freagrach as leabhair chóra chuntais a choinneáil, a nochtann le cruinneas réasúnta in am ar bith staid airgeadais an Choimisiúin, agus a chuireann ar a chumas dó a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais déanta de réir Mhír 26 den Acht. Chomh maith leis sin, tá an Coimisiún freagrach as a shócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh leis an gcalaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Cathal Guiomard
Coimisinéir

Dáta

AN COIMISIÚN UM RIALÁIL EITLÍOCHTA

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais An Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 iniúchta agam faoin Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, Ráiteas Gnóthachan agus Cailteanas Aitheanta Iomlán, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara.

Freagrachtaí an Choimisiúin agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an Coimisiún freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta um Rialáil Eitlíochta, 2001, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Coimisiún na ráitis airgeadais de réir Cleachtas Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhalta an Choimisiúin leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí an Choimisiúin.

Is é m'fhreagrachta ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtas Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Coimisiún an Cód Cleachtas maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Choimisiúin, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí an Choimisiúin ag 31 Nollaig 2008 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an gCoimisiún. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Gerard Smyth
Le haghaidh agus thar ceann an
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
7 Lúnasa 2009

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Tá freagracht ghinearálta ar an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta as córas rialaithe inmheánaigh airgeadais an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta agus as monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtacht. Dearadh an córas le cinnteacht réasúnta, ach ní cinnteacht iomlán, a thabhairt in éadan míráitis nó caillteanais ábhartha.

D'fhonn an fhreagracht seo a chomhlíonadh ar dhóigh ina gcinntítear go ndéanfar gach gnó de réir reachtaíochta agus rialachán, tá struchtúr eagraíochtúil curtha ar bun ag an gCoimisinéir ina bhfuil na nithe seo soiléir: nósanna imeachta maidir le feidhmiú agus tuairisciú, línte freagrachta, scaradh dualgas agus údarás tarmligthe.

Tá creat láidir rialaithe i bhfeidhm ag an gCoimisiún, a chlúdaíonn gach limistéar rialaithe. Tá na rudaí seo a leanas cuimsithe sa chóras rialaithe inmheánaigh:

- Struchtúr eagraíochtúil atá soiléir sainithe, le teorainneacha sainithe údaráis agus meicníochtaí tuairiscithe ag leibhéal níos airde den fhoireann bainisteoireachta agus ag an gCoimisinéir, a thacaíonn le timpeallacht láidir rialaithe a choinneáil;
- Córais chuimsitheacha buiséadaithe agus buiséad bliantúil faofa ag an gCoimisinéir;
- Córas cuimsitheach tuairiscithe a chlúdaíonn feidhmiúcháin airgeadais, a tharlaíonn ar bhonn tráthúil rialta agus a bhfuil mar aidhm aige a chinntiú go ndéanfar scrúdú ar athraithis bhuiséadacha agus go bpléifear leo go pras;
- Tacar cuimsitheach polasaithe agus nósanna imeachta a bhaineann le rialuithe airgeadais;
- Clár Riosca atá athbhreithnithe agus nuashonraithe ag an bhfoireann bainisteoireachta. Tá an Coimisiún ag obair le hiniúcháirí inmheánacha le riosca iarmharach a thabhairt chun grinnis, a aithint agus a bhainistiú.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an gCoimisiún a dhéantar a fhoinsiú allamuigh. Bíonn an t-iniúchadh inmheánach bunaithe ar anailís ar na rioscaí nach bhfuil an Coimisiún cosanta ina leith, agus bunaítear na pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh ar an anailís sin. Déanann Coiste Iniúchta an Choimisiúin an anailís ar riosca agus na pleananna iniúchta inmheánaigh a cheadú agus is é an Coimisiún a fhaomhann iad. Cuirtear gach tuarascáil ar iniúchadh inmheánach faoi bhráid an Choiste Iniúchta. Cuireann an t-iniúcháirí inmheánacha a thuairim in iúl don Choimisiún maidir le leordhóthaineacht agus éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Dearbhaím, maidir leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2008, go ndearna an Coimisiún athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Cathal Guiomard
Coimisinéir

Dáta

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta

1. Bonn na gCuntas

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoi mhodh fabhrúithe na cuntasaíochta, seachas mar a shonraítear thíos agus de réir prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go forleathan faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Glactar le Caighdeáin Thuairiscithe Airgeadais a mholann na comhlachtaí cuntasaíochta, de réir mar a éiríonn siad feidhmeach. Is é an Euro an t-aonad airgid ina n-ullmhaítear na Ráitis Airgeadais.

2. Aitheantas Ioncaim

Tugtar ioncam ó Thobhach Eitlíochta chun cuntais thar an tréimhse lena mbaineann sé. Agus an tobhach á shocrú don bhliain, déantar coigeartú chun an barrachas agus an t-easnamh ón mbliain roimhe sin a fhritháireamh .i. socraíodh tobhach 2008 i mí na Nollag 2007 agus tugadh san áireamh an coigeartú maidir le 2006.

Tugtar ioncam táillí ó oibríochtaí trádála taistil chun cuntais sa bhliain ina n-eisítear an ceadúnas.

3. Sócmhainní Seasta agus Dímhneas

Sonraítear sócmhainní seasta mar chostas lúide dímhneas carnta. Is é tairseach caipitlithe an Choimisiúin ná €1,500. Ríomhtar dímhneas d'fhonn costas na sócmhainní seasta a dhíscríobh ar bhonn líne dírí thar a bheatha úsáideach mheasta mar a leanas:

Troscán agus Feistis	5 bliana
Treamh Oifige	10 mbliana
Treamh Ríomhaireachta	5 bliana

4. Bannaí don Trádáil Taistil agus an Ciste Cosanta Taistealaithe

Aistríodh freagracht as ceadúnú gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas a riar de réir an Achta um Iompar (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982, mar a leasaíodh, ón Roinn Fiontar Poiblí chuig an gCoimisiún ar lá a bhunaithe, 27 Feabhra 2001.

Mar atá riachtanach faoi Alt 13 den Acht sin, coinnítear airgead a lóisteálann gníomhairí taistil mar bhannaí i gcuntais bhainc ar leith faoi rialú an Choimisiúin. Déanann an Coimisiún íocaíochtaí de bhun éileamh a dhéantar ar na bannaí de réir mar a tharlaíonn siad. Tugtar i gcuntas na hiarmhéideanna nár caitheadh ar chuntais bhanna amhail 31 Nollaig 2008 mar chreidiúnaithe.

Bunaíodh Ciste Cosanta Taistealaithe faoi Alt 15 den Acht Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982, le soláthar a dhéanamh d'aon ghannchion ar na bannaí taistil maidir le cailteanais nó dliteanais a dtéann custaiméirí gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas fúthu. Coinnítear cuid d'airgead an Chiste i gcuntas infheistíochta bainistithe agus rialaithe ag an Aire Airgeadais agus cuid eile i gcuntas reatha bainistithe agus rialaithe ag an gCoimisiún. Caitear leis an iarmhéid sa dara cuntas acu seo mar chreidiúnaí sna ráitis airgeadais seo.

Is é an Coimisiún a riarann na cuntais bhanna agus an Ciste agus faigheann an Coimisiún a gcostais ar ais ó na bannaí nó ón gCiste faoi théarmaí an Achta. Ullmhaítear cuntais airgeadais ar leith do na cuntais bhanna agus don Chiste Cosanta Taistealaithe agus déanann an tArd-Reachtaire Ciste agus Cuntas iniúchadh ar leith orthu.

5. Aoisliúntas

Oibríonn an Coimisiún scéimeanna pinsin maoinithe ranníocacha ina bhfuil na sochair sainithe faoi ailt 20 agus 21 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001. Oibrítear na scéimeanna ar bhonn riaracháin ar feitheamh fhaomhadh an Aire. Ghlac an Coimisiún le soláthar iomlán de shochair scoir FRS 17 i 2008.

Is é atá sa mhuirear pinsin sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais ná costas reatha na seirbhíse, toradh ionchasach shócmhainní na scéime agus costas úis dhliteanas na scéime.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanas i ráiteas na ngnóthachan agus na gcaillteanas iomlán aitheanta sa bhliain ina dtarlaíonn siad.

Tomhaistear sócmhainní na scéime pinsin ar luach cóir. Tomhaistear dliteanas na scéime pinsin ar bhonn achtúireach ag baint úsáide as modh an aonaid réamh-mheasta. Má tá dliteanas na scéime níos mó ná sócmhainní na scéime, cuirfear sin i láthair ar an gClár Comhardaithe mar dhliteanas.

6. Cuntas Caipitil

Is é atá sa Chuntas Caipitil ná luach an ioncaim gan amúchadh a úsáidtear chun críocha caipitiúla.

7. Leithdháileadh na gCostas

Cláraítear ioncam agus speansais a bhaineann le gach gnóthas i gcuntais an ghnóthais sin. Leithdháiltear costais chomhroinnte foirne agus forchostais roinnte ar gach gnóthas de réir an ama a chaith an fhoireann ar gach gnóthas acu. The Commission's system of cost recovery is set out in its Levy Decision Paper of 2007.

Tá córas an Choimisiúin chun costais a fháil ar ais leagtha amach ina Pháipéar um Chinneadh ar Thobhaigh de 2007.

8. Airgeadra Coigríche

Déantar idirbheartaíochtaí a rinneadh in airgeadra coigríche agus a bhaineann le hioncam agus le costais a aistriú go Euro ar an ráta malartaithe a bhí i bhfeidhm ar na dátaí a ndearnadh na hidirbheartaíochtaí orthu.

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

Ioncam	Nótaí	2008 Iomlán €	2007 Iomlán €
Ioncam Tobhaigh	2 (a)	4,085,175	3,745,336
Táillí Ceadúnais	2 (b)	401,196	408,136
Eile	2 (c)	186,425	9,039
Ollioncam		<u>4,672,796</u>	<u>4,162,511</u>
Aistriú (go)/ó Chuntas Caipitil	10	(26,780)	791
Glanioncam		<u>4,646,016</u>	<u>4,163,302</u>
Caiteachas			
Tuarastal	4	1,732,349	1,592,199
Costais Phinsean	11 (a)	98,916	54,229
Comhairleoireacht		43,860	475,525
Táillí Dí		638,219	475,383
Fógraíocht agus Caidreamh Poiblí		133,273	150,213
Taisteal agus Maireachtáil		17,171	15,762
Comhdhálacha		21,663	36,262
Oiliúint agus Earcaíocht		40,476	70,977
Táille Iniúchta		13,200	13,200
Cuntasaíocht		28,346	14,339
Cothabháil Gréasáin		23,912	26,509
Cíos		284,927	285,140
Glantachán		13,524	14,109
Leictreachas		12,241	9,391
Cothabháil Oifige		7,991	9,964
Árachas		64,376	75,418
Páipéarachas Oifige		21,255	29,569
Postas agus Iompar		6,322	3,722
Teileafón		18,979	13,130
Éascú Sceideal Aerfort BhÁC		298,265	298,265
Dímheas		20,134	20,969
Muirear Seirbhísí		42,713	42,893
Rátaí		32,602	31,363
Costais Stórais		7,536	6,209
Eile		21,328	21,784
		<u>3,643,578</u>	<u>3,786,524</u>
Barrachas /(Easnamh) Oibriúcháin	15	1,002,438	376,778
Comhardú amhail 1 Eanáir		(366,210)	(742,988)
Comhardú amhail 31 Nollaig		636,228	(366,210)

Is cuid dhílis de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go 19.

Cathal Guiomard
Coimisinéir

Dáta

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
 Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCailteanas Aitheanta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

		Bliain dar críoch 31/12/08	Bliain dar críoch 31/12/07
	Nótaí	€	€
Barrachas/(Easnamh) Oibriúcháin		1,002,438	376,778
Toradh iarbhír lúide toradh ionchasach shocmhainní na scéime pinsin	11 (c)	(326,225)	(60,307)
Gnóthachain/(Cailteanas) ó thaithí ag éirí ar dhliteanas na scéime pinsin	11 (d)	37,806	12,489
Athruithe ar bhoinn thuisceana maidir le luach reatha dhliteanas na scéime pinsin		314,834	(180,592)
Gnóthachan/(Cailteanas) achtúireach		26,415	(228,410)
Iomlán na nGnóthachan/(na gCailteanas) Aitheanta a bhaineann leis an Bhliain Airgeadais		1,028,853	148,368

€262,000 an cailteanas carnach aitheanta as gnóthachain agus cailteanais achtúireacha suas go dtí an bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2008, an dáta sin san áireamh.

Gluaiseacht an Chúlchiste Pinsean			
Comhardú amhail 1 Eanáir		(316,059)	(87,649)
Gnóthachan/(Cailteanas) Achtúireach		26,415	(228,410)
Comhardú amhail 31 Nollaig		(289,644)	(316,059)

Is cuid dhílis de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go 19.

Cathal Guiomard
 Coimisinéir

Dáta

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
Clár Comhardaithe amhail 31 Nollaig 2008

	Nótaí	€	2008 €	€	2007 €
Sócmhainní Seasta					
Sócmhainní Intadhaill	5		69,052		42,272
Sócmhainní Reatha					
Cuntais Bhainc	6	28,381,869		15,574,366	
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	7	1,166,511		1,032,038	
		<u>29,548,380</u>		<u>16,606,404</u>	
Creidiúnaithe Méideanna atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin					
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	8	(848,182)		(563,529)	
Cuntais Bhannaí Airgid Thirim	6	(27,511,526)		(15,211,964)	
		<u>(28,359,708)</u>		<u>(15,775,493)</u>	
Sócmhainní / (Dliteanais) Glana Reatha			830,911		(166,017)
Iomlán na Sócmhainní Iúide Dliteanais Reatha			1,257,724		873,183
Soláthar do Dhliteanais agus do Mhuirir	9		(580,391)		(1,245,000)
Dliteanais Ghлана Gan Dliteanas Pinsin			677,333		(371,817)
Sócmhainn/(Dliteanas) G(h)an P(h)insin	11 (b)		(261,697)		(268,180)
Sócmhainní/ (Dliteanais) Glana lena n-áirítear Sócmhainn/ (Dliteanas) P(h)insin			415,636		(639,997)
Maoinithe Ag					
Barrachas/(Easnamh) sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais			636,228		(366,210)
Cuntas Caipitil	10		69,052		42,272
Cúlchiste Pinsean			(289,644)		(316,059)
Cúlchistí lena n-áirítear Dliteanas Pinsin			415,636		(639,997)

Is cuid dhílis de na Ráitis Airgeadais seo iad Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go 19.

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

	Nótaí	2008 €	2007 €
Réiteach an bharrachais oibriúcháin le hinsreabhadh/(eis-sreabhadh) glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Barrachas/(Easnamh) ar ioncam agus ar chaiteachas		1,002,438	376,778
Difríocht idir costas pinsin agus ranníocaíocht an fhostóra		19,933	150
Dímheas	5	20,134	20,969
Ús Bainc		(16,629)	(7,271)
Aistriú (ó)/go Cuntas Caipitil		26,780	(791)
Laghdú/(Méadú) ar Fhéichiúnaithe	7	(154,288)	(557,513)
Laghdú/(Méadú) ar Réamhíocaíochtaí	7	19,816	(76,004)
(Laghdú)/Méadú ar Chreidiúnaithe	8	231,986	(159,595)
(Laghdú)/Méadú ar Fhabhruithe	8	52,668	(415,712)
(Laghdú)/Méadú ar Sholáthairtí	9	(664,609)	620,000
		<u>538,229</u>	<u>(198,989)</u>
Insreabhadh/(Eis-sreabhadh) glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid		538,229	(198,989)
Insreabhadh/(Eis-sreabhadh) glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		538,229	(198,989)
Torthaí Infheistíochtaí			
Ús Bainc		16,629	7,271
Caiteachas Caipitil			
Ceannach sócmhainní seasta	5	(46,917)	(20,178)
Maoiniú			
Méadú/(Laghdú) ar Chuntais Bhannaí Airgid Thirim agus TPF	6	12,299,562	(3,938,169)
Bainistiú Acmhainní Leachtacha			
(Méadú)/Laghdú ar airgead i dtaisce	6	(718,298)	260,722
Méadú/(Laghdú) ar Iarmhéideanna Airgid Thirim		<u>12,089,205</u>	<u>(3,889,343)</u>
Réiteach glanshreabhadh airgid le gluaiseacht sa ghlanchiste			
Méadú/(Laghdú) ar airgead ar láimh sa tréimhse		12,089,205	(3,889,343)
Airgead tirim a úsáideadh le hacmhainní leachtacha a mhéadú	6	718,298	(260,722)
Athrú ar an nGlanchiste		<u>12,807,503</u>	<u>(4,150,065)</u>
Glanchiste Tosaigh		<u>15,574,366</u>	<u>19,724,431</u>
Glanchiste Deiridh		<u>28,381,869</u>	<u>15,574,366</u>

Is cuid dhílis de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go 19.

Cathal Guiomard
Coimisinéir

Dáta

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
Nótaí atá mar chuid de na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

1. Bunú an Choimisiúin

Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta ar an 27 Feabhra 2001 faoi fhorálacha an Achta um Rialú Eitlíochta, 2001 (Uimh. 1 de 2001)

Faoin Acht, arna leasú ag Acht Aerfoirt an Stáit, 2004 agus ag an Acht Eitlíochta, 2006, tá an Coimisiún freagrach as muirir aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus muirir sheirbhísí na gcríochfort eitlíochta a rialú, as gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas a cheadúnú in Éirinn, as aeriompróirí Éireannacha a cheadúnú, as láimhseálaithe ar an talamh in Éirinn a fhaomhadh agus as nósanna imeachta cionroinnte sealanna AE a chur i bhfeidhm. Chomh maith leis sin, tá an Coimisiún freagrach as a chinntiú (faoi Rialachán AE 261/2004) go gcomhlíontar íoschearta na bpaisinéirí aeir i gcás moille, cealaithe agus bordála diúltaithe.

Maoinítear an Coimisiún as fáiltais as Tobhach Bliantúil a ghearrtar ar údaráis aerfort, ar sholáthróirí seirbhísí críochfort eitlíochta in aerfoirt an Stáit, ar chomhlachtaí atá faofa le seirbhísí láimhseála ar an talamh a sholáthar, ar aeriompróirí a bhfuil ceadúnas oibriúcháin acu, ar aerlínte atá cláraithe in Éirinn agus chomh maith leis sin as táillí ceadúnais ó thionscnóirí turas agus ó ghníomhairí taistil.

2. Ioncam

Faigheann an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta ioncam ó dhá fhoinsé, ioncam ó thobhaigh agus ioncam ó tháillí ceadúnais trádála taistil.

Faoi Alt 23 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001, tugtar cumhacht don Choimisiún um Rialáil Eitlíochta le rialacháin a dhéanamh a fhorálann do Thobhach a ghearradh. Is é is aidhm leis an Tobhach ná costais agus speansais an Choimisiúin a chlúdach.

Tá Tobhaigh comhdhéanta de shraith de thobhaigh bhunráta maidir le gníomhaíochtaí ar leith mar aon le tobhaigh maidir le cosaint tomhaltóirí agus costais lárnaigh a ghearrtar in aghaidh an phaisinéara. Caitear leis an tobhach maidir le costais lárnaigh mar dhíorthú ó fheidhmeanna indibhidiúla an Choimisiúin, atá mínithe thíos, agus gearrtar é i gcomhréir le líon na bpaisinéirí ag gach aerfort Éireannach.

Léiríonn an anailís seo a leanas ioncam an Choimisiúin ó thobhaigh. Is ionann an coigeartú i leith 2006 agus aisghabháil charnach na gcostas bunaithe ar ró-aisghabháil/easpa aisghabhála i leith fheidhmeanna difriúla an Choimisiúin suas go dtí 31 Nollaig 2006.

	<i>Rialáil Mhuirir Aerfoirt</i> €	<i>ATSC</i> €	<i>Éascú Sceideal</i> €	<i>Aer-iompróir</i> €	<i>Seirbhísí ar an talamh</i> €	<i>Trádáil Taistil</i> €	<i>Cosaint Tomhaltóirí</i> €	<i>Iomlán</i> €	<i>2007</i> €
Caiteachas Buiséadaithe 2008	1,978,366	117,018	444,344	232,804	234,077	331,196	600,863	3,938,668	2,835,714
Coigeartú i leith 2006	(1,320,710)	(115,398)	1,175,599	218,471	141,907	20,875	25,763	146,507	909,622
Ioncam Iomlán ó Thobhaigh	657,656	1,620	1,619,943	451,275	375,984	352,071	626,626	4,085,175	3,745,336

(b) Faoi Alt 12 den Acht Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982 tugtar cumhacht don Choimisiún le táille ceadúnais a ghearradh ar an Tionscal Trádála Taistil. Is é seo a leanas an t-ioncam a bhí ag an gCoimisiún i leith 2008:

	<i>Táillí Ceadúnais ó Ghníomhairí Taistil</i> €	<i>Táillí Ceadúnais ó Thionscnóirí Turas</i> €	<i>Táillí a fuarthas go mall ó Ghníomhairí agus ó Thionscnóirí</i> €	<i>Leasú ar Tháillí Ceadúnais</i> €	<i>Iomlán</i> €	<i>2007</i> €
Táillí Ceadúnais	139,711	236,150	24,975	360	401,196	408,136

(c) Tá ioncam eile comhdhéanta d'ús €18,294 a fuarthas ar airgead i dtaisce, agus de chostais fhoirne a aisíocadh as cuntais bhannaí nó as Cuntas an Chiste Cosanta Taistealaithe. Bhain na costais fhoirne le comhaltaí foirne a bheith ag plé le cliseadh aonán Trádála Taistil le linn na bliana agus €168,131 an méid a bhí i gceist.

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
Nótaí atá mar chuid de na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

3. Caiteachas

	Muirir Aerfoirt	ATSC	Éascú Sceideal	Aer- iompróir	Seirbhísí ar an talamh	Trádáil Taistil	Cosaint Tomh- altóirí	Iomlán 2008	Iomlán 2007
	€	€	€	€	€	€	€	€	€
Tuarastail	606,090	7,824	73,486	130,682	69,060	663,602	181,605	1,732,349	1,592,199
Costas Pinsean	43,056	692	1,431	7,839	4,387	31,608	9,903	98,916	54,229
Comhair- leoireacht	6,665	66	725	2,447	1,441	28,631	3,885	43,860	475,525
Táillí Dlí	532,057	3	(74,158)	107	126,639	53,390	181	638,219	475,383
Cíos	108,163	817	8,575	25,159	13,504	89,968	38,741	284,927	285,140
Éascú	-	-	298,265	-	-	-	-	298,265	298,265
Sceideal									
Eile	150,632	1,355	12,938	69,802	25,897	185,372	101,046	547,042	605,783
Iomlán	1,446,663	10,757	321,262	236,036	240,928	1,052,571	335,361	3,643,578	3,786,524

Sa chás go mbaineann na costais le réimsí ar leith, tá na costais sin cionroinnte go díreach ag an gCoimisiún ar na réimsí sin. Sa chás go bhfuil feidhm níos ginearálta leis na costais, tá siad cionroinnte ag an gCoimisiún i gcomhréir leis an méid ama a chaith an fhoireann ag obair ar an réimse atá i gceist.

4. Líon agus costais na foirne

	Muirir Aerfoirt	ATSC	Éascú Sceideal	Aer- Iompróir	Seirbhísí ar an talamh	Trádáil Taistil	Cosaint Tomh- altóirí	Iomlán 2008	2007
	€	€	€	€	€	€	€	€	€
Tuarastail	546,181	7,092	62,568	117,042	61,605	567,478	161,628	1,523,594	1,351,601
ÁSPC – maidir le comhaltaí foirne a n- íocann CRE iad	48,509	691	1,033	10,549	4,925	31,301	13,790	110,798	88,958
ÁSPC agus Pinsean dlite don Roinn	8,014	-	9,441	1,642	1,683	58,694	3,740	83,214	81,157
Costas maidir le coinneáil foirne ó ghníomh- aireachtaí	3,386	41	444	1,449	847	6,129	2,447	14,743	70,483
Iomlán	606,090	7,824	73,486	130,682	69,060	663,602	181,605	1,732,349	1,592,199

Is é seo a leanas meánlíon na ndaoine a bhí á bhfostú ag an gCoimisiún le linn na bliana (lena n-áirítear seisear ar sealaistriú ón Roinn Iompair agus ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre). Tá anailís déanta orthu de réir catagóire.

	2008	2007
Coimisinéir	1	1
Riarachán	4	4
Eacnamaíoch	4	4
Dlí agus Ceadúnú	6	6
Trádáil Taistil	6	6
Meánlíon Iomlán na bhFostaithe Coibhéiseacha Lán-Aimseartha	21	21

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
Nótaí atá mar chuid de na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

5. Sócmhainní seasta intadhaill

	Trealamh Oifige	Troscán agus Feistis	Trealamh Ríomh- aireachta	Iomlán
	€	€	€	€
Costas i dtús na bliana	22,663	31,307	97,384	151,354
Breiseanna sa bhliain	-	36,870	10,044	46,914
Diúscairtí sa bhliain	-	-	-	-
I ndeireadh na bliana	22,663	68,177	107,428	198,268
<i>Dímheas carnta</i>				
I dtús na bliaina	6,897	25,451	76,734	109,082
Muirear don bhliain	2,266	6,256	11,612	20,134
Diúscairtí sa bhliain				
I ndeireadh na bliana	9,163	31,707	88,346	129,216
Glanluach Leabhair amhail 31 Nollaig 2008	13,500	36,470	19,082	69,052
Glanluach Leabhair amhail 31 Nollaig 2007	15,766	5,856	20,650	42,272

6. Banc

	2008 €	2007 €
Cuntais Bhainc – Cuntais Bhanna Trádála Taistil	26,597,516	15,207,795
Cuntas Bainc – Ciste Cosanta Taistealaithe	914,010	4,169
	27,511,526	15,211,964
Cuntas Bainc – Cuntas Reatha CRE	144,117	354,498
Cuntas Bainc – Cuntas Taisce CRE	725,493	7,195
Mionairgead	733	709
	28,381,869	15,574,366

Is suimeanna airgid iad Cuntais Bhanna Trádála Taistil a chuirtear i dtaisce in ainm an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta ar féidir úsáid a bhaint astu i gcás loicthe ag Tionscnóir Turas nó ag Gníomhaire Taistil. Ní féidir leis an gCoimisiún an t-airgead seo a úsáid chun críche aon rud eile. Tugtar an t-airgead seo ar ais chuig an Solathróir Bannaí mura bhfuil gá leis. Mar sin, tá an dliteanas comhfhreagrach léirithe mar Chreidiúnaí: Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin.

7. Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin

	2008 €	2007 €
Féichiúnaithe Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh	540,000	540,000
Féichiúnaithe	411,915	257,627
Réamhíocaíochtaí	214,596	234,411
	1,166,511	1,032,038

8. Creidiúnaithe agus Fabhruithe atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin

	2008 €	2007 €
Fabhruithe - Athbhreithniú Breithiúnach	105,518	160,614
- Eile	306,156	198,392
Creidiúnaithe - Táillí Comhairleoireachta	141,719	11,096
- Coimisinéirí Ioncaim ÍMAT/ÁSPC	32,087	25,917
- Coimisinéirí Ioncaim CBL	12,941	12,941
- Coimisinéirí Ioncaim PSWT	59,455	20,833
- Eile	190,306	133,736
	848,182	563,529

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
 Nótaí atá mar chuid de na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

	2008	2007
	€	€
9. Soláthairtí do Dhliteanais agus do Mhuirir		
Iarmhéid amhail 1 Eanáir	625,000	-
Soláthairtí ar baineadh úsáid astu le linn na bliana	620,000	625,000
Soláthar breise a rinneadh le linn na bliana	-	620,000
Soláthairtí nach bhfuil de dhíth níos mó	(220,000)	-
Iarmhéid amhail 31 Nollaig	580,391	1,245,000

Bunaithe ar bhreithiúnais Chúirte go dtí seo, tá sócmhainní aisíocaíochta aitheanta de €540,000 ag an gCoimisiún maidir leis na costais dlí is ábhar do na soláthairtí seo. Tá an tsócmhainn san áireamh sna féichiúnaithe.

4. Cionroinnt sealanna (Cás a glacadh i 2005)

In imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh a glacadh sa bhliain 2005 in aghaidh chinneadh an Choimisiúin Aerfort Bhaile Átha Cliath a ainmniú mar aerfort comhordnaithe, rinne an Chúirt a chuid costas a dhámhachtain ar Ryanair. Fuair an Coimisiún cead ina dhiaidh sin achomharc a dhéanamh sa Chúirt Uachtarach in aghaidh an bhreithiúnais. Níl sé de rún ag an gCoimisiún, áfach, dul ar aghaidh leis an Achomharc agus tá sé ag fanacht le Ryanair é a chur ar an eolas maidir le méid a chuid costas i leith ordú na hArdchúirte. Tá soláthar déanta lena aghaidh seo i Ráitis Airgeadais an Choimisiúin. Tá tús curtha le plé ar an cheist le dlíodóirí Ryanair agus ar na costais atá dlite don Choimisiún faoi na cásanna eile dá dtagraítear in 2 agus 3 thíos.

5. Cionroinnt sealanna (Cás a glacadh i 2007)

I mí Feabhra 2008, shocraigh Ryanair ar éirí as na himeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh a ghlac sé i mí Feabhra 2007 in aghaidh chinntí an Choimisiúin maidir le comhordnú Aerfort Bhaile Átha Cliath. Ar scríosadh amach an cháis di, rinne an Chúirt a chuid costas a dhámhachtain ar an gCoimisiún agus tá an próiseas chun na costais a aisghabháil fós sa tsiúl. Tá meastachán den tionchar a bheidh ag an gcás seo ar chúrsaí airgeadais léirithe i Ráitis Airgeadais an Choimisiúin mar fhéichiúnaí in-aisghabhála.

6. Muirir Aerfoirt (Ryanair – Cás a glacadh i 2007)

In imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh a éisteadh i mí Feabhra 2008 in aghaidh an Choimisiúin maidir lena chinneadh a d'éirigh as Athbhreithniú ar Mhuirir Aerfoirt i mí Iúil 2007, dhíbh an Chúirt cás Ryanair agus rinne ordú go bhfaighidh an Coimisiún leath dá chuid costas ar ais. Tá meastachán den tionchar a bheidh ag an gcás seo ar chúrsaí airgeadais léirithe i Ráitis Airgeadais an Choimisiúin mar fhéichiúnaí in-aisghabhála.

	2008	2008	2007	2007
	€	€	€	€
10. Cuntas Caipitil				
Iarmhéid amhail 1 Eanáir		42,272		43,063
Aistriú (chuig)/ó chuntais Ioncaim agus Caiteachais				
Airgead leithroinnte le sócmhainní seasta a fháil	46,914		20,178	
Méid amúchta de réir dímheasa sócmhainní	(20,134)		(20,969)	
Glanmhéid le haistriú		26,780		(791)
Iarmhéid amhail 31 Nollaig		69,052		42,272

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
Nótaí atá mar chuid de na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

11. Pinsin	2008	2007
a) Costais Phinsean	€	€
Costas reatha na seirbhíse	159,387	109,308
Costas úis	48,267	32,759
Toradh ionchasach shócmhainní na scéime	(54,541)	(48,109)
Lúide: ranníocaíochtaí fostaithe	<u>(54,197)</u>	<u>(39,729)</u>
Iomlán	98,916	54,229
bi) Dlíteanas glan pinsean		
Luach reatha oibleagáidí maoinithe	820,362	965,348
Luach cóir shócmhainní na scéime	<u>558,665</u>	<u>697,168</u>
Dlíteanas (sócmhainn) g(h)lan	261,697	268,180
bii) Luach reatha oibleagáidí na scéime ag tús na bliana	965,348	655,178
Costas reatha na seirbhíse	105,190	69,579
Costas úis	48,267	32,759
(Gnóthachan)/caillteanas achtúireach	(352,640)	168,104
Sochair a íocadh	-	-
Prémheanna a íocadh	-	-
Ranníocaíochtaí fostaithe	<u>54,197</u>	<u>39,729</u>
Luach reatha oibleagáidí na scéime ag deireadh na bliana	820,362	965,348
biii) Athrú ar shócmhainní na scéime		
Luach cóir shócmhainní na scéime ag tús na bliana	697,168	615,558
Toradh ionchasach shócmhainní na scéime	54,541	48,109
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach	(326,225)	(60,307)
Ranníocaíochtaí an fhostóra	78,984	54,079
Ranníocaíochtaí na mball	54,197	39,729
Aistrithe isteach le haghaidh seirbhíse roimhe	-	-
Sochair a íocadh ón scéim	-	-
Prémheanna a íocadh	-	-
Luach cóir shócmhainní na scéime ag deireadh na bliana	558,665	697,168

Tá cleachtas ann i láthair na huairé pinsin a mhéadú de réir bhoilsciú praghsanna, agus tá sin tugtha san áireamh agus an oibleagáid shainithe maidir le sochair á tomhas.

c) Cur síos ar an scéim agus ar bhoinn thuisceana achtúireacha

Is é atá sa scéim pinsean socrú pinsin ina bhfuil an sochar sainithe agus é bunaithe ar an tuarastal deiridh. Déantar na sochair a shainiú de réir na rialachán reatha a bhaineann le scéimeanna "eiseamláireacha" san earnáil phoiblí. Socraítear rátaí ranníocaíochtaí an fhostóra ag féachaint do chomhairle achtúireach agus d'athbhreithniú tréimhsiúil ar an ráta maoinithe a bhíonn de dhíth don scéim. Is é a sholáthraítear tríd an scéim ná pinsean (ochtóduithe in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtóid in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin do chéilí agus do pháistí. De ghnáth is í an aois scoir an lá a shlánaíonn an ball 65 bliain. De ghnáth méadaíonn pinsin de réir bhoilsciú praghsanna, pinsin atá á n-íoc agus iad siúd atá curtha siar araon.

Is iad na boinn thuisceana airgeadais a bhí in úsáid chun críocha FRS 17:

	2008	2007
Ráta lascaine	5.6%	5.0%
Méadú ar thuarastail	3.5%	4.75%
Méadú ar phinsin	2.0%	4.25%
Méadú ar bhoilsciú	2.0%	4.25%

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Nótaí atá mar chuid de na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

Déantar na boinn thuisceana maidir le taithí bhásmhaireachta sa todhchaí a shocrú bunaithe ar tháblaí foilsithe básmhaireachta (PMA92/PFA92) arna n-ullmhú don ghairm achtúireachta ag an mBiúró um Imscrúdú Leanúnach ar Bhásmhaireacht. Tá na boinn thuisceana a roghnaítear maidir le básmhaireacht bunaithe ar tháblaí caighdeánta a léiríonn gnáthbhásmhaireacht phinsinéirí, agus tugtar san áireamh méadú ar ionchas saoil le himeacht aimsire.

Léirítear thíos an meán-ionchas saoil, i mblianta, ag pinsinéir a théann ar scor ag aoiseanna áirithe:

	Ar scor in aois 60	Ar scor in aois 65
Fir	23.7	19.7
Mná	26.8	22.8

Bhí sócmhainní na scéime ag deireadh na bliana comhdhéanta de:

	2008	2007
Gnáthscaireanna	70.00%	73.00%
Bannaí	15.60%	1.90%
Eile	14.40%	25.10%
	2008	2007
Toradh iarbhír lúide toradh ionchasach sócmhainní na scéime	€	€
Toradh iarbhír	(271,684)	(12,198)
Lúide an toradh ionchasach	(54,541)	(48,109)
	(326,225)	(60,307)

Agus ráta toraidh fadtéarmach ionchasach na mbonn thuisceana maidir le sócmhainní á fhorbairt, tugtar san áireamh an leibhéal reatha de thorthaí ionchasacha as infheistíochtaí saor ó riosca (bannaí rialtais go príomha), leibhéal stairiúil na préimhe riosca a bhaineann leis na haicmí eile sócmhainní a bhfuil an phunann infheistithe iontu agus na hionchais maidir le torthaí gach aicme sócmhainní sa todhchaí. Déantar an toradh ionchasach do gach aicme sócmhainní a ualú ansin bunaithe ar an spríoc-chionroinnt sócmhainní d'fhonn ráta toraidh fadtéarmach na mbonn thuisceana maidir le sócmhainní a fhorbairt le haghaidh na punainne.

d) Stair oibleagáidí um shochair shainithe, sócmhainní agus gnóthachain agus cailteanais ó thaithí	2008	2007	2006	2005
	€	€	€	€
Oibleagáid um shochair shainithe	820,362	965,348	655,178	377,175
Luach cóir sócmhainní na scéime	558,665	697,168	615,558	457,145
Easnamh/(barrachas) don scéim mhaoinithe	261,697	268,180	39,620	(79,970)
(Gnóthachain)/cailteanais ó thaithí ar dhliteanais na scéime	37,806	12,489	16,293	(11,428)
Méid Céatadán na ndliteanas scéime	4.6%	1.3%	2.6%	(3.0%)

e) Maoiniú pinsean

Tá súil ag an gCoimisiún €79,296 a íoc isteach sa scéim pinsean in 2009.

f) Tá an t-eolas ar phinsin curtha i láthair de réir riachtanas nua maidir le nochtú ó 2008 i leith a éilítear le leasú ar FRS 17.

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
Nótaí atá mar chuid de na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

12. Anailís ar athruithe i gcistí glana

	Amhail 1 Eanáir 2008 €	Sreabhadh Airgid €	Amhail 31 Nollaig 2008 €
Airgead ar Láimh/sa Bhanc	15,567,170	12,089,205	27,656,375
Cuntas Taisce	7,196	718,298	725,494
	<u>15,574,366</u>	<u>12,807,503</u>	<u>28,381,869</u>

13. Ceangaltais Chaipitil agus Ceangaltais Eile

Ní raibh ceangaltais ar bith ar an gCoimisiún, caipiteal nó eile, amhail dáta an chláir chomhardaithe.

14. Ceangaltais Léasa Oibriúcháin

Sa chlár thíos tugtar na ceangaltais faoi léasanna oibriúcháin le cíos a íoc le linn na bliana i ndiaidh bhliain na gcuntas seo, agus tá anailís déanta orthu de réir na tréimhse ina dtéann an léas in éag.

Is iad seo na hoibleagáidí faoi léasanna oibriúcháin

Talamh agus foirgnimh

	€
Dul in éag laistigh de bhliain amháin	-
Dul in éag i ndiaidh bliana ach tráth nach faide ná 5 bliana	271,800
Dul in éag ina dhiaidh sin	-

15. Barrachas/(Easnamh)

Faoi Alt 23 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001, tugtar cumhacht don Choimisiún um Rialáil Eitlíochta le rialacháin a dhéanamh a fhorálann do thobhach a ghearradh. Tá an Tobhach ann le costais agus caiteachais an Choimisiúin a chlúdach. Tugtar aon bharrachas/(easnamh) in aon bhliain ar aghaidh agus tugtar san áireamh é agus tobhaigh á socrú ina dhiaidh sin chomh luath agus is féidir i ndiaidh iniúchadh a bheith déanta ar na ráiteas airgeadais don bhliain.

16. Imeacht i ndiaidh don Chlár Comhardaithe a bheith déanta

Ar 1 Aibreán 2009, socraíodh an caingean dlí fostaíochta a tugadh in aghaidh an Choimisiúin sa bhliain 2007. Tá soláthar déanta do na hoibleagáidí airgeadais ar fad a d'éirigh as toradh an chaingin seo i Ráitis Airgeadais 2008.

17. Comparáidigh

Tá roinnt figiúirí comparáideacha athghrúpaithe nó athshonraithe ar an mbonn céanna leo siúd don bhliain reatha.

18. Dearbhú Leasa – Coimisinéir agus Foireann

Chomhlíon an Coimisinéir agus an fhoireann riachtanais Alt 17 (Dearbhú Leasa) den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001. Ní raibh aon idirbheartaíochtaí ag an gCoimisiún le linn na bliana a raibh aon leas ag an gCoimisinéir iontu.

19. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Coimisinéir na ráitis airgeadais seo ar 6 Lúnasa 2009.